Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna

- Amharc ar na samplaí d'íomhánna a thug an múinteoir duit. Labhair faoin fháth a n-úsáidtear iad agus faoin fháth a n-oibríonn siad go maith. Is féidir le do mhúinteoir cuidiú leat plean a chruthú don táirge agat.

- Déan comhad tionscadail nua i do bhogearraí eagarthóireacht íomhánna.

- Roghnaigh na comhaid íomhá atá tú ag iarraidh a úsáid i do thionscadal ó na roghanna a thug an múinteoir duit.

- Iompórtáil isteach na híomhánna atá tú ag dul a úsáid i do bhogearraí eagarthóireacht íomhánna.

- Suigh na híomhánnna san áit ar mhaith leat iad agus úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí le heagarthóireacht a dhéanamh ar d'íomhá dheiridh agus í a choigeartú. Cuir isteach téacs ar bith atá de dhíth ort.

- Úsáid comhadainm le do thionscadal a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar d'íomhá. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna

- Amharc ar na samplaí d'íomhánna a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith.

- Cruthaigh plean nó sceitse de d'íomhá. Smaoinigh ar cé dó a bhfuil sé (lucht éisteachta) agus cad é ba chóir dó a dhéanamh (cuspóir).

- Déan comhad tionscadail nua i do bhogearraí eagarthóireacht íomhánna.

- Roghnaigh na comhaid íomhá le húsáid i do thionscadal ó na roghanna a thug an múinteoir duit nó úsáid ceamara nó bogearraí líníochta le do chuid féin a chruthú.

- Iompórtáil isteach sna bogearraí eagarthóireacht íomhánna na híomhánna atá tú ag dul a úsáid. Cuir isteach i sraith ar leith téacs ar bith atá de dhíth ort.

- Suigh na híomhánnna agus an téacs san áit ar mhaith leat iad. Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí le heagarthóireacht a dhéanamh ar d'íomhá dheiridh agus í a choigeartú agus an lucht féachana agus an cuspóir san áireamh agat.

- Úsáid comhadainm le do thionscadal a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar d'íomhá chríochnaithe. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna

- Faigh samplaí d'íomhánna atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- Cruthaigh plean do d'íomhá ina bhfuil an rud atá tú a dhéanamh, cé dó a bhfuil sé agus an rud ba mhaith leat a fheicfidh siad agus a smaoineoidh siad nuair a amharcfaidh siad ar an obair.
- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil d'íomhá agus ag déanamh eagarthóireachta uirthi.
- Bunaithe ar do phlean, faigh nó cruthaigh íomhánna ar bith atá tú ag brath a úsáid. Iompórtáil do chuid íomhánna uilig i do bhogearraí eagarthóireacht íomhánna.
- Déan teidil, fotheidil, uas-cheannlínte agus téacs breise ar bith le húsáid san íomhá. Coinnigh do théacs ar shraitheanna éagsúla.
- Suigh na sraitheanna uilig atá de dhíth ort don íomhá agat agus bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- Déan athbhreithniú ar d'íomhá le páirtí ranga agus seiceáil an bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar an táirge deiridh agat.
- Úsáid comhadainm ábhartha le d'íomhá a shábháil agus easpórtáil i bhformáid chuí í a mbeidh daoine eile ábalta breathnú uirthi nó úsáid a bhaint aisti..
- Nuair atá an íomhá foilsithe agat, déan tagairt siar don taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do shuíomh gréasáin éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- Déan nóta i do dhialann tionscadail de na gnéithe agus na tréithe a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag déanamh an íomhá arís.
- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna

- Faigh samplaí d'íomhánna atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu agus sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Smaoinigh ar cad chuige a bhfuil na tréithe seo tábhachtach agus ar an fháth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do chluiche. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Agus do tháirge íomhá á phleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht éisteachta ar leith atá agat agus déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí arís le linn phróiseas na heagarthóireachta lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Cruthaigh plean don táirge íomhá agat agus tú ag úsáid an teanga chuí a bhaineann le híomhanna le tacú le do chuid pleanála.

- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do tháirge íomhá agus ag déanamh eagarthóireachta air.

- Bunaithe ar do phlean, faigh nó cruthaigh íomhánna ar bith atá tú ag brath a úsáid. Iompórtáil do chuid íomhánna uilig isteach i do bhogearraí eagarthóireacht íomhánna.

- Déan teidil, fotheidil, uas-cheannlínte agus téacs breise ar bith le húsáid san íomhá. Coinnigh do théacs ar shraitheanna éagsúla.

- Suigh na sraitheanna uilig atá de dhíth don íomhá agat agus bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.

- Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do tháirge íomhá a dhéanamh slachtmhar. Scrios comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.

- Déan athbhreithniú ar do tháirge íomhá le páirtí ranga. Cuir béim ar réimsí a gcaithfidh tú tuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh orthu sa dialann tionscadail. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiséas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do tháirge deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.

- Úsáid comhadainm ábhartha le do tháirge íomhá a shábháil agus easpórtáil i bhformáid chuí é a mbeidh daoine eile ábalta breathnú air nó úsáid a bhaint as ar chórais éagsúla, amhail suíomh gréasáin, irisleabhar nó nuachtán.

- Nuair atá an táirge íomhá foilsithe agat, déan tagairt do do dhialann tionscadail agus cosain an méid a chomhlíonann do tháirge do chuid cuspóirí tosaigh. Déan tagairt ar leith don lucht éisteachta agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach raibh sé á gcomhlíonadh go hiomlán.